2026/2385

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2385 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610 ([1]), lenar bunaíodh Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), agus sainordú aige go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 24 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1856 ([2]), lenar cuireadh síneadh 3 mhí, go dtí an 31 Nollaig 2026, le EUTM RCA chun go bhféadfar an t-athbhreithniú straitéiseach iomlánaíoch ar EUTM RCA agus ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a thabhairt chun críche, a bunaíodh de bhun Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle ([3]).

(3) Faoi chuimsiú an athbhreithnithe straitéisigh iomlánaíoch ar EUAM RCA agus ar EUTM RCA, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh a chur le sainordú an dá mhisean go dtí an 31 Lúnasa 2028 chun aistriú ar bhealach ordúil chuig ionstraimí eile de chuid an Aontais chun rannpháirtíocht an Aontais le Poblacht na hAfraice Láir a athmhúnlú, ón 1 Meán Fómhair 2028 ar aghaidh. Chuige sin, tíolacfar straitéis aistrithe tráth nach déanaí ná mí Iúil 2027 ar bhonn creat polaitiúil maidir le bainistiú géarchéime le haghaidh Phoblacht na hAfraice Láir a bheidh le seoladh agus le tíolacadh go luath in 2027. Thairis sin, ba cheart EUTM RCA a athainmniú mar 'Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUMAM RCA)'.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUMAM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUMAM RCA)';

(2) ar fud an téacs, cuirtear 'EUMAM RCA' in ionad an ainm 'EUTM RCA';

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/1856 ón gComhairle an 24 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L, 2026/1856, 27.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1856/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2110/oj).

(3) leasaítear Airteagal 1(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Seolfaidh an tAontas Misean Cúnaimh Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUMAM RCA) chun rannchuidiú le hathchóiriú na hearnála cosanta i bPoblacht na hAfraice Láir laistigh de phróiseas Athchóirithe Earnáil Slándála Phoblacht na hAfraice Láir arna chomhordú ag MINUSCA.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Oibreoidh EUMAM RCA i gcomhréir leis na cuspóirí polaitiúla agus straitéiseacha a leagtar amach sa Choincheap Bainistithe Géarchéime a d’fhormheas an Chomhairle an 14 Márta 2016. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach agus chun aistriú ordúil chuig ionstraimí eile de chuid an Aontais a áirithiú, oibreoidh EUMAM RCA i gcomhréir le doiciméid pleanála oibríochtúla nuashonraithe.’;

(4) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. EUR 12 993 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUMAM RCA don tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Lúnasa 2028. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % i gcás na ngealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’;

(5) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tiocfaidh deireadh le sainordú EUMAM RCA an 31 Lúnasa 2028.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON